Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**7385/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0198 (COD)**

**CODEC 322**
**COH 23**
**CADREFIN 22**
**PE 14**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | **GLACADH GNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA** Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le sásra chun constaicí dlí agus riaracháin a réiteach i gcomhthéacs trasteorann – An toradh ar an dara léamh i bParlaimint na hEorpa (Strasbourg, an 5 go dtí an 8 Bealtaine 2025) |

## I. VÓTÁIL

An 6 Bealtaine 2025, dhearbhaigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa go raibh an seasamh ón gComhairle [1]ar an gcéad léamh formheasta gan leasú.

Tá téacs an rúin reachtaigh ó Pharlaimint na hEorpa i gceangal leis an nóta seo.

1 17102/1/24 REV 1.

## II. GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA

Ós rud é gur fhormheas Parlaimint na hEorpa an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, gan leasuithe, measfar gur glacadh an gníomh atá i gceist san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, mar a fhoráiltear don mhéid sin in Airteagal 294(7)(a) CFAE.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus ag Ardrúnaithe an dá institiúid, foilseofar an gníomh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

## Ionstraim um fhorbairt agus fás na Réigiún Teorann (BRIDGEforEU)

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Bealtaine 2025 ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hionstraim um fhorbairt agus fás na Réigiún Teorann (BRIDGEforEU) (17102/1/2024 – C10-0057/2025 – 2018/0198(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (17102/1/2024 – C10-0057/2025),

– ag féachaint do thuairimí ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 19 Meán Fómhair 2018[1] agus an 24 Aibreán 2024[2],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 5 Nollaig 2018[3] agus an 17 Aibreán 2024[4],

– ag féachaint don seasamh uaithi ar an gcéad léamh ar an togra ón gCoimisiún[5] chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2018)0373– 2018/0198(COD),

– ag féachaint don togra leasaithe ón gCoimisiúin (COM(2023)0790),

– ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach arna fhormheas de bhun faoi Riail 75(4) dá Rialacha Nós Imeachta ag an gcoiste freagrach,

– ag féachaint do Riail 68 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach (A10-0058/2025),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. á thabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir le seasamh na Comhairle;

3. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le

[1] IO C 440, 6.12.2018, lch. 124.
[2] IO C, 2024/4060, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4060/oj.
[3] IO C 86, 7.3.2019, lch. 165.
[4] IO C, 2023/1326, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/1326/oj.
[5] Téacsanna arna nglacadh an 14.2.2019, P8_TA(2019)0118.

hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

4. á threorú dá hArd-Rúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a bheidh sé fíoraithe go bhfuil na nósanna imeachta ar fad curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArd-Rúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.